Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7113/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0062 (NLE)**

**UD 56**
**COEST 199**
**AGRIORG 40**
**AGRIFIN 55**
**COMER 37**
**POLCOM 86**
**ECOFIN 301**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 99 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE<br>lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh leasacháin áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 99 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 99 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.2.2026
COM(2026) 99 final

2026/0062 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh leasacháin áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é is cuspóir don togra le haghaidh Rialacháin atá i gceangal leis seo fionraí shealadach na ndleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ar earraí a úsáidtear chun leasacháin nítriginbhunaithe a tháirgeadh, leasacháin áirithe nítriginbhunaithe agus meascáin ina bhfuil nítrigin; ar nithe iad a aicmítear faoi láthair faoi cheannteidil na hAinmníochta Comhcheangailte (AC) 2814 agus faoina fo-cheannteidil 3102 10, 3102 21, 3102 60, 3102 80, 3105 20, 3105 30, agus 3105 40, suas le méid áirithe allmhairí isteach san Aontas.

Tá margadh an Aontais le haghaidh leasacháin nítrigine áirithe, lena n-áirítear earraí chun iad a tháirgeadh, ag brath go mór ar allmhairí ó thríú tíortha. In 2024, d’allmhairigh an tAontas 2 mhilliún tona amóinia agus 5,9 milliún tona úiré chun leasacháin nítrigine a tháirgeadh. Ina theannta sin, d’allmhairigh an tAontas 6,7 milliún tona leasachán nítriginbhunaithe, agus meascán ina bhfuil nítrigin faoi na fo-cheannteidil eile lena mbaineann. Is leasacháin diancharbóin iad sin go léir, a bhfuil a dtáirgeadh faoi réir astaíochtaí carbóin substaintiúla agus a bhfuil sé deacair iad a éagsúlú agus a athsholáthar, agus a bhfuil am ag teastáil ina leith. I gcás na n-earraí sin, is í Cónaidhm na Rúise an príomhsholáthróir domhanda agus príomhsholáthróir an Aontais. Tá na leasacháin sin fíor-riachtanach d’fheirmeoirí. Tá sreabhadh trádála slán tráthrialta leasachán ar phraghsanna iomaíocha de dhíth ar fheirmeoirí na hEorpa chun táirgeadh talmhaíochta agus slándáil bia a ráthú san Aontas agus i margaí domhanda – ós rud é gur príomhonnmhaireoir domhanda é an tAontas maidir le go leor príomhbharra curaíochta. Tháinig méadú mór ar phraghsanna leasachán nítriginbhunaithe san Aontas tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, agus ní raibh ach téarnamh páirteach ann ó na buaicphointí praghsanna in 2023 agus 2024. Thairis sin, tháinig praghsanna leasachán nítriginbhunaithe ar ais in 2025, agus i mí na Nollag 2025 bhí siad 23 %[1] níos airde ná an meán in 2024.

Chun na costais ar tháirgeoirí leasachán an Aontais a laghdú agus, ar an gcaoi sin, na costais ar fheirmeoirí an Aontais a laghdú agus rannchuidiú le soláthar iomchuí an bhia a tháirgtear san Aontas, is iomchuí na rátaí dleachta custaim is infheidhme maidir le hearraí a úsáidtear chun leasacháin nítrigine, leasacháin áirithe nítriginbhunaithe agus meascáin ina bhfuil nítrigin a tháirgeadh a chur ar fionraí go sealadach suas le leibhéal áirithe allmhairí. Chun cobhsaíocht an tsoláthair a mhéadú, is iomchuí freisin raon feidhme geografach na n-allmhairí ó thionscnaimh neamhfhabhracha a mhéadú, ós rud é gur de thionscnamh Chónaidhm na Rúise fós formhór na n-allmhairí neamhfhabhracha de na táirgí ábhartha, d’ainneoin na mbeart taraife méadaithe is infheidhme maidir le leasacháin áirithe de thionscnamh na Rúise ó bhí an 1 Iúil 2025[2] ann. Go bunúsach, agus go háirithe tráth an ghanntanais ar na margaí idirnáisiúnta leasachán nítrigine, is dídhreasacht do sholáthar mhargadh an Aontais é taraifí a bheith ann maidir le hamóinia agus úiré a allmhairiú isteach san Aontas i gcomparáid le margaí domhanda eile nach bhforchuireann allmhairiúcháin den sórt sin. Ós rud é gur tráchtearraí go príomha iad earraí trádáilte sa chatagóir sin, cuireann an difreálach taraife sin bac ar iarrachtaí maidir le hallmhairí an Aontais a éagsúlú. Maidir le leasacháin nítriginbhunaithe faoi raon feidhme an rialacháin seo, is glanallmhaireoir struchtúrach mór ón

[1] Faireachán a dhéanamh ar phraghsanna Leasacháin - Leabharlann.

[2] Rialachán (AE) 2025/1227 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2025 maidir le modhnú a dhéanamh ar na dleachtanna custaim is infheidhme i dtaca le hallmhairí earraí áirithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó Phoblacht na Bealarúise nó a onnmhairítear uathu.

domhan é an tAontas, agus an soláthar sin comhchruinnithe, i gcás amóinia agus úiré araon, i dtrí phríomh-chomhpháirtí trádála, a bhfuil Cónaidhm na Rúise ar cheann díobh sa dá chás.

Chun an t-éagsúlú sin a chothú agus táirgeadh intíre an Aontais á chosaint an tráth céanna agus gan spleáchas breise ar allmhairí a mhéadú, déantar bearta léirscaoilte trádála sealadacha an togra seo le haghaidh chóid AC 2814, 3102 10, 3102 21, 3102 60, 3102 80, 3105 20, 3105 30 agus 3105 40 laistigh de chóras cuótaí a chomhfhreagraíonn do chuóta saor ó dhleacht de réir táirge ar ina leith a chomhfhreagraíonn méid an chuóta do mhéid allmhairí an Aontais ón Náisiún Barrfhabhair (NBF) in 2024, seachas allmhairí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise, ach a méadaíodh le breisiú 20 % de na méideanna a allmhairítear isteach san Aontas ón dá thír sin in 2024. Tá údar le teorainn chuótaí ós rud é go bhfuil an sciar de tháirgeadh intíre na gcineálacha leasacháin sin san Aontas fós ard. As na trí phríomhchineál leasacháin a úsáideann feirmeoirí, is iad na leasacháin nítriginbhunaithe amháin atá faoi réir dleachtanna comhtharaife custaim is infheidhme maidir le hearraí atá ríthábhachtach dá dtáirgeadh, murab ionann agus potais agus fosfar, i gcás ina dtairbhíonn na príomhearraí is gá de ráta comhtharaife custaim nialasach cheana féin. Is iad na leasacháin nítriginbhunaithe an cineál leasacháin is leithne a úsáidtear san Aontas freisin, agus is é an cineál leasacháin a bhfuil an tAontas ag brath ar allmhairí ina leith agus is é an costas a bhaineann le hastaíochtaí carbóin an costas is airde. Dá bhrí sin, leis na bearta atá beartaithe dírítear ar allmhairí earraí chun leasacháin nítriginbhunaithe a tháirgeadh, agus ar allmhairí na leasachán nítriginbhunaithe is mó a allmhairítear.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Faoi láthair, is iad na príomhsholáthróirí amóinia agus úiré na tríú tíortha a thairbhíonn de rochtain fhabhrach saor ó dhleacht ar mhargadh an Aontais de bhun comhaontuithe um thrádáil fhabhrach. Mar sin féin, is de thionscnamh tíortha atá faoi réir na Comhtharaife Custaim allmhairí móra, agus tá rátaí taraife idir 5,5 % agus 6,5 % ann faoi láthair. Chun cobhsaíocht an tsoláthair a mhéadú, is iomchuí raon feidhme geografach na dtíortha soláthair a thairbhíonn de chóir saor ó dhleacht a leathnú go sealadach thar na tíortha sin a thairbhíonn de chomhaontú saorthrádála. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil an soláthar comhchruinnithe faoi láthair i líon réasúnta beag soláthróirí neamhfhabhracha, a bhfuil Cónaidhm na Rúise ar cheann de na soláthróirí is tábhachtaí díobh. Murab ionann agus rochtain saor ó dhleacht trí chomhaontuithe trádála fabhracha, áfach, is bearta sealadacha iad na bearta atá beartaithe le haghaidh fionraí taraife a leagtar amach sa togra seo, agus tá siad teoranta ó thaobh méide de do leibhéal na dtaraif-chuótaí sonracha. Is iomchuí freisin táirgí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a eisiamh ón laghdú taraife is infheidhme maidir leis na cuótaí a osclaíodh, i gcomhréir go háirithe le Rialachán 1227/2025 lena gcinntear go sonrach taraifí méadaithe ar allmhairiú leasachán de na tionscnaimh sin agus i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is é is aidhm do na bearta léirscaoilte trádála atá sa togra seo a áirithiú go gcuirfear comhtharaif chustaim an Aontais ar fionraí go sealadach i gcomhthéacs phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a leagtar amach in Airteagal 21 CAE agus go mbeidh réimsí éagsúla de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, chomh maith lena ghníomhaíocht sheachtrach agus beartais eile de chuid an Aontais, comhsheasmhach. Is iomchuí, dá bhrí sin, táirgí de thionscnamh Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise a eisiamh ón laghdú taraife, i gcomhréir leis na bearta sriantacha a rinne an tAontas i gcoinne na dtíortha sin tar éis fhogha na Rúise faoin Úcráin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 31 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo le haghaidh Rialacháin.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta ós rud é go dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ós rud é go ndéanann sé cothromaíocht idir leas tráchtála na n- oibreoirí eacnamaíocha (táirgeoirí leasachán nítrigine agus tomhaltóirí). Foráiltear leis an togra nach gcuirfear dleachtanna na Comhtharaife Custaim ar fionraí ach amháin i gcás línte taraife earraí a úsáidtear chun leasachán a tháirgeadh, leasacháin áirithe nítriginbhunaithe, agus meascáin ina bhfuil nítrigin a bhfuil an spleáchas is airde ar allmhairí ag an Aontas ina leith, agus i gcás ina bhfuil éagsúlú ó Chónaidhm na Rúise agus ón tiúchan soláthróirí atá ann cheana ríthábhachtach. Ina theannta sin, ní bheidh feidhm ag an bhfionraí ach ar feadh tréimhse shealadach.

- **An rogha ionstraime**

Faoi Airteagal 31 CFAE, 'déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, dleachtanna na Comhtharaife Custaim a shocrú'. Dá bhrí sin, is Rialachán ón gComhairle an ionstraim iomchuí. De bhua Airteagal 31 CFAE, socraíonn an Chomhairle dleachtanna na Comhtharaife Custaim, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar bhonn togra ón gCoimisiún.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise an mhéadaithe mhóir ar allmhairí earraí ó sholáthróirí tríú tíortha a úsáidtear i dtáirgeadh leasachán nítrigine, atá níos measa fós mar gheall ar an staid éigeandála a tharla de bharr ionradh Chónaidhm na Rúise – arb í an soláthróir is mó de leasacháin nítrigine chuig an Aontas í roimh an ionradh ar an Úcráin, tá sé tábhachtach go dtiocfadh an Rialachán i bhfeidhm a luaithe is féidir chun éagsúlú na soláthairtí do na hearraí is gá le haghaidh táirgeadh leasacháin a chothú, agus chun costais táirgthe a laghdú, roimh an séasúr plandála/síolaithe. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair le haghaidh an bhirt atá i gceist. Mar sin féin, tá coinne leis an mbeart atá beartaithe go n-athrófar próifíl soláthróirí

leasachán nítrigine agus leasachán áirithe nítriginbhunaithe chuig an Aontas agus go gcuideofar le soláthróirí eile a aimsiú seachas soláthróirí ó Chónaidhm na Rúise agus ó chomhchruinniú na soláthróirí atá ann cheana.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní chuireann an beart seo le hualach rialála cuideachtaí.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam. EUR 59,5 milliún, is é sin an méid a mheastar a bheidh ar dhleachtanna custaim neamhbhailithe a chomhfhreagraíonn don fhionraí le haghaidh thréimhse chur i bhfeidhm 12 mhí an bhirt. Bliain amháin a bheidh i bhfad an bhirt, go dtí lár 2027.

Is é EUR 44,7 milliún an tionchar diúltach ar acmhainní dílse traidisiúnta an bhuiséid (i.e. 75 % den iomlán). Leis an ráiteas airgeadais reachtach, leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe impleachtaí buiséadacha an togra.

Is trí bhíthin Ollioncam Náisiúnta (OIN) na mBallstát, agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí acmhainní dílse, a chúiteofar caillteanas ioncaim in acmhainní dílse traidisiúnta.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tuairisciú ar líne ar éabhlóid allmhairí Aontais de leasacháin nítriginbhunaithe, tá sé le fáil ar shuíomhanna gréasáin tiomnaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (Eurostat).

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

I bhfianaise staid urghnách mhargadh an Aontais maidir le leasacháin, is é is aidhm don bheart an sreabhadh trádála a mhéadú, agus éagsúlú a chothú, maidir le hallmhairí earraí chun leasacháin nítriginbhunaithe a tháirgeadh, leasacháin áirithe nítriginbhunaithe agus meascáin ina bhfuil nítrigin trí dhleachtanna allmhairiúcháin a chuirtear i bhfeidhm ar na táirgí sin a chur ar fionraí go sealadach.

2026/0062 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh leasacháin áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá margadh an Aontais le haghaidh ionchuir áirithe leasachán nítrigine ag brath go mór ar allmhairí ó thríú tíortha. In 2024, d'allmhairigh an tAontas 2 mhilliún tona amóinia agus 5,9 milliún tona úiré chun leasacháin nítrigine a tháirgeadh go háirithe. Ina theannta sin, d'allmhairigh an tAontas 6,7 milliún tona leasachán nítriginbhunaithe, agus meascán ina bhfuil nítrigin. Is earraí diancharbóin iad sin le haghaidh leasachán i gcás ina bhfuil sé deacair iad a éagsúlú agus ina bhfuil am ag teastáil ina leith. Tá na leasacháin sin fíor-riachtanach freisin d'fheirmeoirí na hEorpa a bhfuil sreabhadh trádála slán tráthrialta leasachán ar phraghsanna iomaíocha de dhíth orthu chun táirgeadh talmhaíochta agus slándáil bia a ráthú. Tá méadú substaintiúil tagtha ar na praghsanna le haghaidh na dtáirgí sin ó bhí 2021 ann.

(2) Maidir le leasacháin nítriginbhunaithe faoi raon feidhme an rialacháin seo, is glanallmhaireoir struchtúrach é an tAontas, agus an soláthar sin comhchruinnithe i roinnt tíortha, agus is í Cónaidhm na Rúise ceann dá phríomhsholáthróirí.

(3) Faoi láthair, déantar cuid mhór de na hearraí sin maidir le táirgeadh leasachán nítriginbhunaithe, agus de leasacháin nítriginbhunaithe, a allmhairiú isteach san Aontas cheana féin saor ó dhleacht ó thríú tíortha a thairbhíonn de rochtain fhabhrach ar mhargadh an Aontais. D'ainneoin sin, allmhairíonn an tAontas méid mór de na hearraí sin fós de thionscnamh tíortha atá faoi réir na Comhtharaife Custaim, agus tá rátaí taraife idir 5,5 agus 6.5 % ann faoi láthair.

(4) Leis na dleachtanna sin, méadaítear na costais do tháirgeoirí leasachán nítrigine agus déantar difear do phraghas na leasachán, rud a dhéanann difear do phraghas an bhia, rud is cúis imní a mhéid a bhaineann le cumhacht cheannaigh na dtomhaltóirí, feirmeoirí na hEorpa san áireamh. Le blianta beaga anuas, tá méadú mór tagtha ar phraghsanna leasachán san Aontas agus níor léirigh praghsanna earraí talmhaíochta áirithe an treocht chéanna go hiomlán. Cuireann an staid sin brú ar inmharthanacht tháirgeadh talmhaíochta an Aontais.

(5) Chun fuinneamh láidir mhargadh leasacháin an Aontais a áirithiú agus chun slabhraí soláthair a éagsúlú, is gá éascú a dhéanamh maidir le hallmhairí earraí a úsáidtear chun leasacháin nítriginbhunaithe, leasacháin áirithe nítriginbhunaithe, agus meascáin ina bhfuil nítrigin a tháirgeadh. Thairis sin, tá sé ríthábhachtach foinsí soláthair a éagsúlú go práinneach ó Chónaidhm na Rúise, go háirithe i bhfianaise na mbeart a bunaíodh le Rialachán 2025/1227 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena méadófar taraifí de réir a chéile i gcás roinnt de na hearraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

(6) Tá costais arda fuinnimh san Aontas le blianta beaga anuas, rud a raibh tionchar diúltach aige ar tháirgeadh leasachán san Aontas agus go háirithe ar leasacháin nítriginbhunaithe ós rud é gurb é an gás nádúrtha an phríomhfhoinse fuinnimh agus gur amhábhar é. Mar thoradh air sin, tá tionchar mór aige sin ar aschur táirgeachta agus ar dhíolacháin thionscal leasachán an Aontais. Ní mór do tháirgeoirí leasacháin an Aontais oiriúnú fós don timpeallacht chasta sin ar tosca geopholaitiúla is cúis léi. Dá bhrí sin, le haon bheart a dhéantar chun feabhas a chur ar sholáthar leasachán, ba cheart a sheachaint go mbeadh tionchar diúltach ar tháirgeoirí leasacháin an Aontais.

(7) Ós rud é gur gá leanúint de tháirgeadh leasacháin an Aontais atá ann cheana a chosaint, is gá athléimneacht an tslabhra soláthair sin a mhéadú trí thús áite a thabhairt d’éagsúlú a ionchur agus trí riosca na spleáchas seachtrach a íoslaghdú a thuilleadh.

(8) Is iomchuí freisin gníomhaíocht a dhéanamh chun na costais a bhaineann le hearraí a allmhairiú le haghaidh táirgeadh leasachán nítriginbhunaithe, leasacháin áirithe nítriginbhunaithe, agus meascáin ina bhfuil nítrigin nach leor táirgeadh an Aontais ina leith.

(9) Dá bhrí sin, is iomchuí an dleacht Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] a chur ar fionraí go sealadach i gcás úiré agus amóinia, agus i gcás leasacháin áirithe nítriginbhunaithe, agus meascáin ina bhfuil nítrigin suas le méid áirithe dá n-allmhairí. Chun leasanna tháirgeoirí an Aontais agus leasanna thomhaltóirí leasachán an Aontais a chothromú, tá fionraí shealadach na ndleachtanna Comhtharaife Custaim teoranta in aghaidh an táirge do mhéid allmhairí na Náisiún Barrfhabhair (NBF) de chuid an Aontais le haghaidh 2024, cé is moite d’allmhairí ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise ach tháinig méadú 20 % ar an méid a allmhairíodh ón dá thír sin in 2024**.** Ba cheart feidhm a bheith ag an bhfionraí taraife shealadach ar feadh 1 bhliain amháin. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an staid ar an margadh leasachán agus, más gá, molfaidh sé go ndéanfar an fhionraí taraife a athnuachan chun éagsúlú leormhaith a dhéanamh agus chun feabhas a chur ar infhaighteacht leasachán ar phraghas iomaíoch d’fheirmeoirí na hEorpa.

(10) Is gá allmhairí earraí a úsáidtear chun leasacháin nítriginbhunaithe, leasacháin áirithe nítriginbhunaithe, agus meascáin ina bhfuil nítrigin a tháirgeadh, a thagann ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise, a eisiamh ó raon feidhme an bhirt taraife shealadaigh a leagtar síos sa Rialachán seo. Eisiamh na n-allmhairí a thagann ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise ón bhfionraí shealadach a leagtar amach sa Rialachán seo, tá sé comhsheasmhach le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais i réimsí eile, mar a leagtar amach in Airteagal 21(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

(11) Tá meath mór tagtha ar staid an chaidrimh idir an tAontas agus Cónaidhm na Rúise le blianta beaga anuas agus go háirithe ó bhí 2022 ann. Is é is cúis leis an meath sin ar an gcaidreamh neamhaird fhollasach Chónaidhm na Rúise ar an dlí idirnáisiúnta agus a cogadh foghach gan chúis gan údar faoin Úcráin. Ó bhí mhí Iúil 2014 ann, tá bearta sriantacha á bhforchur de réir a chéile ag an Aontas ar thrádáil le Cónaidhm na Rúise mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá taraifí níos airde forchurtha ag an Aontas freisin ar allmhairí leasachán nítriginbhunaithe ó Chónaidhm na Rúise a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo freisin

(12) Tá Cónaidhm na Rúise ina ball den Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('EDT'). Mar sin féin, ceadaítear don Aontas faoi láthair, de bhua na n-eisceachtaí a bhfuil feidhm acu faoin gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Comhaontú EDT'), agus go háirithe Airteagal XXI de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (eisceachtaí slándála), neamhaird a thabhairt ar an oibleagáid cóir an náisiúin barrfhabhair a thabhairt d'earraí a allmhairítear ó Chónaidhm na Rúise, agus ní chuirtear cosc air dleachtanna ar allmhairí a fhorchur atá níos airde ná na dleachtanna atá i sceideal ceangaltas taraife an Aontais ar thrádáil in earraí, i gcás ina measann an tAontas go bhfuil gá le bearta den sórt sin chun leasanna bunúsacha slándála an Aontais a chosaint.

(13) Tá meath tagtha ar an gcaidreamh idir an tAontas agus Poblacht na Bealarúise freisin le blianta beaga anuas mar gheall ar neamhaird Phoblacht na Bealarúise ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear ar shaoirsí bunúsacha agus ar chearta an duine, agus mar gheall ar a tacaíocht do chogadh foghach na Rúise faoin Úcráin. Ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2020 ann, tá bearta sriantacha á bhforchur de réir a chéile ag an Aontas ar Phoblacht na Bealarúise. Tá taraifí níos airde forchurtha ag an Aontas freisin ar allmhairí leasachán nítriginbhunaithe ón mBealarúis.

(14) Níl Poblacht na Bealarúise ina ball de EDT. Dá bhrí sin, níl sé d'oibleagáid ar an Aontas, de bhua Chomhaontú EDT, cóir an náisiúin barrfhabhair agus cóir eile a thabhairt d'earraí ó Phoblacht na Bealarúise i gcomhréir leis an gComhaontú sin. Ina theannta sin, leis na comhaontuithe trádála idir an tAontas agus Poblacht na Bealarúise atá ann cheana, ceadaítear gníomhaíochtaí a bhfuil údar leo ar bhonn clásail eisceachta is infheidhme, go háirithe eisceachtaí slándála.

(15) Chun éagsúlú na soláthairtí agus laghdú ar na costais táirgthe a chothú, roimh an séasúr plandála/síolaithe atá ag teacht, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, cuirfear ar fionraí iad i gcás na gcód AC seo a leanas, le haghaidh na méideanna comhiomlána foriomlána a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo:

   (a) Cóid AC 2814 10 00 agus 2814 20 00;

   (b) Cóid AC 3102 10 12, 3102 10 15, 3102 10 19 agus 3102 10 90;

   (c) Cód AC 3102 21 00;

   (d) Cód AC 3102 60 00;

(e) Cód AC 3102 80 00;

(f) Cóid AC 3105 20 10 agus 3105 20 90;

(g) Cód AC 3105 30 00;

(h) Cód AC 3105 40 00.

2. An fhionraí ar dhleachtanna ar earraí faoi na cóid AC dá dtagraítear in alt 1, pointe (a), ní bheidh feidhm aici maidir le hallmhairiú earraí faoi na cóid AC sin ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise.

3. An fhionraí ar dhleachtanna ar earraí faoi na cóid AC dá dtagraítear i mír 1, pointí (b), (c), (d), (e), (f), (g) agus (h), ní bheidh feidhm aici maidir le hallmhairí earraí faoi na cóid sin ó Chónaidhm na Rúise agus ó Phoblacht na Bealarúise a thagann faoi raon feidhme Rialachán 2025/1227 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

4. Osclófar sraithuimhreacha cuótaí nua leis na tagairtí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

I ndáil leis na taraif-chuótaí maidir le méideanna allmhairiúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir leis an gcóras bainistithe le haghaidh taraif-chuótaí dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) 2015/2447 ón gCoimisiún[4], déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit iad a bhainistiú.

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an staid maidir le margadh na leasachán agus, más gá, molfaidh sé síneadh a chur leis an bhfionraí dá bhforáiltear in Airteagal 1.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach: 1 bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'IONCAM' - LE hAGHAIDH TOGRAÍ A bhFUIL TIONCHAR BUISÉADACH ACU AR THAOBH AN IONCAIM DEN BHUISÉAD**

## 1. AINM AN TOGRA:

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh leasacháin áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin.

## 2. LÍNTE BUISÉID:

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim): Caibidil 12, Airteagal 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann: 2026: EUR 21 368 300 000

## 3. TIONCHAR AIRGEADAIS

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

X Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

☐ Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

*(EUR milliún go dtí an chéad deachúil)*

| Líne ioncaim | An tionchar ar ioncam[5][6] | Tréimhse 12 mhí dar tús | Bliain N |
|---|---|---|---|
| AC 2814 | *EUR 6,1 milliún* | *1/5/2026* | *2026* |
| AC 3102 10 12, 3102 10 12, 3102 10 15, 3102 10 19 agus 3102 10 90 | *EUR 14,6 milliún* | *1/5/2026* | *2026* |
| AC 3102 21 | *EUR 4,3 milliún* | *1/5/2026* | *2026* |
| AC 3102 60 | *EUR 0,4 milliún* | *1/5/2026* | *2026* |
| AC 3102 80 | *EUR 5,4 milliún* | *1/5/2026* | *2026* |
| AC 3105 20 | *EUR 7,0 milliún* | *1/5/2026* | *2026* |

[5] Is gá gur meastachán atá bunaithe ar an bhfoirmle nó ar an modh a shainítear faoi roinn 5 iad na méideanna in aghaidh na bliana. Le haghaidh na bliana tosaigh, is gnách go n- íoctar an méid bliantúil gan laghdú nó *pro rata*.

[6] I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

| | | | |
|---|---|---|---|
| AC 3105 30 | *EUR 4,0 milliún* | *1/5/2026* | *2026* |
| AC 3105 40 | *EUR 2,9 milliún* | *1/5/2026* | *2026* |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Líne ioncaim | [N+1] | [N+2] | [N+3] | [N+4] | [N+5] |
| AC 2814 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AC 3102 10 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AC 3102 21 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AC 3102 60 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AC 3102 80 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AC 3105 20 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AC 3105 30 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AC 3105 40 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

## 4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Ní bhaineann le hábhar

## 5. BARÚLACHA EILE

In 2024, EUR 1,1 billiún a bhí ar luach iomlán allmhairí chód AC 2814. Is é 5,5 % an gnáthráta dleachta don chód AC sin. Bhí an chuid is mó de na hallmhairí sin saor ó dhleacht mar thoradh ar chur chun feidhme Comhaontuithe Saorthrádála. Ba iad na hallmhairí eile allmhairí lena n-íoctar ráta dleachta na Comhtharaife Custaim, agus ba é EUR 489/tona luach aonaid na n-allmhairí sin, seachas i gcás Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, nach mbeidh faoi réir laghdú taraife. Dá bhrí sin, EUR 8,1 milliún (489 x 300 000 x 5,5%) in aghaidh na bliana, is é sin na dleachtanna neamhbhailithe measta le haghaidh cuóta 300 000 tona. Asbhaintear costais bhailithe 25 % ón luach sin, mar sin is é EUR 6,1 milliún an dleacht uasta mheasta ligthe thar ceal le haghaidh bhuiséad an Aontais don táirge seo ar feadh tréimhse 12 mhí.

In 2024, EUR 2 bhilliún a bhí ar luach iomlán allmhairí chód AC 3102 10. Is é 6,5 % an gnáthráta dleachta don chód AC sin. Bhí an chuid is mó de na hallmhairí sin saor ó dhleacht mar thoradh ar chur chun feidhme Comhaontuithe Saorthrádála. Ba iad na hallmhairí eile allmhairí lena n-íoctar ráta na Comhtharaife Custaim, agus ba é EUR 336/tona luach aonaid na n-allmhairí sin, seachas i gcás Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, nach mbeidh faoi réir laghdú taraife. Dá bhrí sin, EUR 19,5 milliún (336 x 890 000 x 6,5%) in aghaidh na bliana, sin na dleachtanna neamhbhailithe measta le haghaidh cuóta 890 000 tona. Asbhaintear costais bhailithe 25 % ón luach sin, mar sin is é EUR 14,6 milliún an dleacht

uasta mheasta ligthe thar ceal le haghaidh bhuiséad an Aontais don táirge seo ar feadh tréimhse 12 mhí.

In 2024, EUR 119 milliún a bhí ar luach iomlán allmhairí chód AC 3102 21. Is é 6,5 % an gnáthráta dleachta don chód AC sin. Bhí an chuid is mó de na hallmhairí sin saor ó dhleacht mar thoradh ar chur chun feidhme Comhaontuithe Saorthrádála. Ba iad na hallmhairí eile allmhairí lena n-íoctar ráta na Comhtharaife Custaim, agus ba é EUR 212/tona luach aonaid na n-allmhairí sin, seachas i gcás Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, nach mbeidh faoi réir laghdú taraife. Dá bhrí sin, meastar gur fiú EUR 5,7 milliún (212 x 413 000 x 6,5 %) in aghaidh na bliana na dleachtanna neamhbhailithe. Asbhaintear costais bhailithe 25 % ón luach sin, mar sin is é EUR 4,3 milliún an dleacht uasta mheasta ligthe thar ceal le haghaidh bhuiséad an Aontais don táirge seo ar feadh tréimhse 12 mhí.

In 2024, EUR 84 mhilliún a bhí ar luach iomlán allmhairí chód AC 3102 60. Is é 6,5 % an gnáthráta dleachta don chód AC sin. Bhí an chuid is mó de na hallmhairí sin saor ó dhleacht mar thoradh ar chur chun feidhme Comhaontuithe Saorthrádála. Ba iad na hallmhairí eile allmhairí lena n-íoctar ráta na Comhtharaife Custaim, agus ba é EUR 298/tona luach aonaid na n-allmhairí sin, seachas i gcás Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, nach mbeidh faoi réir laghdú taraife. Dá bhrí sin, meastar gur fiú EUR 0,5 milliún (298 x 27 000 x 6,5 %) in aghaidh na bliana na dleachtanna neamhbhailithe. Asbhaintear costais bhailithe 25 % ón luach sin, mar sin is é EUR 0,4 milliún an dleacht uasta mheasta ligthe thar ceal le haghaidh bhuiséad an Aontais don táirge seo ar feadh tréimhse 12 mhí.

In 2024, EUR 269 milliún a bhí ar luach iomlán allmhairí chód AC 3102 80. Is é 6,5 % an gnáthráta dleachta don chód AC sin. Bhí cuid de na hallmhairí sin saor ó dhleacht mar thoradh ar chur chun feidhme Comhaontuithe Saorthrádála. Ba iad na hallmhairí eile allmhairí lena n-íoctar ráta na Comhtharaife Custaim, agus ba é EUR 190/tona luach aonaid na n-allmhairí sin, seachas i gcás Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, nach mbeidh faoi réir laghdú taraife. Dá bhrí sin, meastar gur fiú EUR 7,2 milliún (190 x 583 000 x 6,5 %) in aghaidh na bliana na dleachtanna neamhbhailithe. Asbhaintear costais bhailithe 25 % ón luach sin, mar sin is é EUR 5,4 milliún an dleacht uasta mheasta ligthe thar ceal le haghaidh bhuiséad an Aontais don táirge seo ar feadh tréimhse 12 mhí.

In 2024, EUR 915 mhilliún a bhí ar luach iomlán allmhairí chód AC 3105 20. Is é 6,5 % an gnáthráta dleachta don chód AC sin. Bhí cuid de na hallmhairí sin saor ó dhleacht mar thoradh ar chur chun feidhme Comhaontuithe Saorthrádála. Ba iad na hallmhairí eile allmhairí lena n-íoctar ráta na Comhtharaife Custaim, agus ba é EUR 401/tona luach aonaid na n-allmhairí sin, seachas i gcás Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, nach mbeidh faoi réir laghdú taraife. Dá bhrí sin, meastar gur fiú EUR 9,4 milliún (401 x 360 000 x 6,5 %) in aghaidh na bliana na dleachtanna neamhbhailithe. Asbhaintear costais bhailithe 25 % ón luach sin, mar sin is é EUR 7 milliún an dleacht uasta mheasta ligthe thar ceal le haghaidh bhuiséad an Aontais don táirge seo ar feadh tréimhse 12 mhí.

In 2024, EUR 881 mhilliún a bhí ar luach iomlán allmhairí chód AC 3105 30. Is é 6,5 % an gnáthráta dleachta don chód AC sin. Bhí an chuid is mó de na hallmhairí sin saor ó dhleacht mar thoradh ar chur chun feidhme Comhaontuithe Saorthrádála. Ba iad na hallmhairí eile allmhairí lena n-íoctar ráta na Comhtharaife Custaim, agus ba é EUR 945/tona luach aonaid na n-allmhairí sin, seachas i gcás Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, nach mbeidh faoi réir laghdú taraife. Dá bhrí sin, meastar gur fiú EUR 5,3 milliún (945 x 87 000 x 6,5 %) in aghaidh na bliana na dleachtanna neamhbhailithe. Asbhaintear costais bhailithe 25 % ón luach sin, mar sin is é EUR 4 mhilliún an dleacht uasta mheasta ligthe thar ceal le haghaidh bhuiséad an Aontais don táirge seo ar feadh tréimhse 12 mhí.

In 2024, EUR 357 milliún a bhí ar luach iomlán allmhairí chód AC 3105 40. Is é 6,5 % an gnáthráta dleachta don chód AC sin. Bhí an chuid is mó de na hallmhairí sin saor ó dhleacht mar thoradh ar chur chun feidhme Comhaontuithe Saorthrádála. Ba iad na hallmhairí eile allmhairí lena n-íoctar ráta na Comhtharaife Custaim, agus ba é EUR 710/tona luach aonaid na n-allmhairí sin, seachas i gcás Chónaidhm na Rúise agus Phoblacht na Bealarúise, nach mbeidh faoi réir laghdú taraife. Dá bhrí sin, meastar gur fiú EUR 3,8 milliún (710 x 83 000 x 6,5 %) in aghaidh na bliana na dleachtanna neamhbhailithe. Asbhaintear costais bhailithe 25 % ón luach sin, mar sin is é EUR 2,9 milliún an dleacht uasta mheasta ligthe thar ceal le haghaidh bhuiséad an Aontais don táirge seo ar feadh tréimhse 12 mhí.

Ar bhonn an mhéid thuas, meastar gurb é EUR 44,7 milliún in aghaidh na bliana (EUR 6,1 milliún + EUR 14,6 milliún + EUR 4,3 milliún + EUR 0,4 milliún + EUR 5,4 milliún + EUR 7 milliún + EUR 4 mhilliún + EUR 2,9 milliún) an tionchar a bheidh ar an gcaillteanas ioncaim le haghaidh bhuiséad an Aontais a eascróidh as an Rialachán seo.

Le haghaidh na tréimhse 12 mhí dá chur i bhfeidhm le linn 2026 agus 2027, maidir leis an tionchar ar chaillteanas ioncaim acmhainní dílse traidisiúnta ar bhuiséad an Aontais, meastar gurb é 75 % d'iomlán na ndleachtanna custaim ligthe thar ceal den ollmhéid EUR 59,5 milliún i.e. EUR 44,7 milliún, a bheidh sa tionchar sin.

Is trí bhíthin Ollioncam Náisiúnta (OIN) na mBallstát, agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí acmhainní dílse, a chúiteofar caillteanas ioncaim in acmhainní dílse traidisiúnta.